Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Iomaíocht oscailte do cheapachán chuig an bpost

Oifigeach um Rannpháirtíocht sa Phobal

do Thionscadal LIFE ar Mhachaire

Conradh páirtaimseartha (50%) le haghaidh téarma sheasta in Iarthuaisceart Dhún na nGall

dáta críochnaithe an chonartha 31/01/2028

sa

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Dáta deiridh: 3.00 i.n Déardaoin 22ú Meitheamh 2023

Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

Reáchtálfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an feachtas seo i gcomhréir le Cóid agus Cleachtas na gCoimisinéirí um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP).

Foilsíonn CCSP cóid chleachtais agus is féidir iad a fháil ag www.cpsa.ie

Déan teagmháil le: heritagerecruitment@housing.gov.ie

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Teach an Chustaim

Baile Átha Cliath 1 D01W6X0

Oifigigh Pháirtaimseartha um Rannpháirtíocht sa Phobal (50%) Iarthuaisceart Dhún na nGall) do Thionscadal LIFE ar Mhachaire

Conradh ar théarma seasta ag críochnú ar an 31ú Eanáir 2028)

Cúlra maidir le Tionscadal LIFE ar Mhachaire

Deonaíodh maoiniú AE ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) do Thionscadal LIFE Dúlra agus Bithéagsúlachta, LIFE ar Mhachaire, dar luach €7.4m. Tá stádas caomhantais Neamhfhabhrach ag gnáthóga machairí agus dumhcha socra in iarthuaisceart na hÉireann de réir na measúnuithe caomhantais náisiúnta is déanaí. Tá meath mór ag teacht ar dhaonraí na lapairí a bhaineann le Machairí, agus tá dlúthcheangal idir roinnt mhaith speiceas inveirteabrach, a bhfuil srianta agus meath lena ndáileadh, agus córais na Machairí. Leagfaidh an tionscadal béim ar stádas caomhantais chórais na Machairí sa líonra Natura 2000, ag láithreáin tionscadail i gContae na Gaillimhe, Contae Mhaigh Eo agus Contae Dhún na nGall, a fheabhsú. Déanfar athruithe i ndálaí na ngnáthóg agus i ndálaí éiceolaíochta i ngnáthóg tosaíochta an Mhachaire agus déanfar pailneoirí agus lapairí gaolmhara a thaifeadadh trí chomhaontuithe bainistíochta atá bunaithe ar thorthaí le húinéirí talún agus trí chláir faireacháin a úsáid. Tacóidh an tionscadal le pobail áitiúla agus le hoibritheoirí turasóireachta freisin chun oibriú ar bhealaí inbhuanaithe le speicis agus gnáthóga cósta Machaire.

Thosaigh an tionscadal LIFE ar Mhachaire i mí Feabhra 2022 agus reáchtálfar ar feadh sé bliana é, agus críochnóidh sé ar an 31 Eanáir 2028.

Déanfaidh seisear ar Fhoireann Tionscadail ildisciplíneach an tionscadail a bhainistiú, agus beidh freagracht acu as cur i bhfeidhm laethúil thionscadail LIFE ar Mhachaire, faoi stiúir na RTRÁO. Beidh Bainisteoir Tionscadail, beirt Éiceolaí Tionscadail, Oifigeach Rannpháirtíochta sa Phobal lánaimseartha amháin in Iarthar Chonnacht agus Oifigeach Rannpháirtíochta sa Phobal páirtaimseartha (50%) amháin in Iarthuaisceart Dhún na nGall, agus Riarthóir Tionscadail, ar an bhfoireann tionscadail. I bhfianaise leathadh geografach na láithreán, beidh dhá oifig ag an tionscadal, ceann i Maigh Eo agus ceann i nDún na nGall, faoi réir athbhreithnithe ag deireadh na chéad bhliana.

An Post

Tá RTRÁO ag lorg Oifigeach Páirtaimseartha (50%) um Rannpháirtíocht sa Phobal in Iarthuaisceart Dhún na nGall. **Ní mór don Oifigeach um Rannpháirtíocht sa Phobal Gaeilge labhartha agus scríofa a bheith aige/aici**. Beidh an duine a cheapfar mar Oifigeach do Rannpháirtíocht sa Phobal **do Thionscadal LIFE ar Mhachaire** freagrach as tascanna rannpháirtíochta sa phobal ina réimse tionscadail, atá bainteach leis an LIFE20 AE NAT/IE/000263 '*Ag cosaint agus ag athbhunú gréasáin córais Mhachaire na hÉireann agus na pobail phóraithe lapaire agus pailneora a bhaineann leis'*. Beidh an t-iarrthóir a cheapfar i gceannas ar imeachtaí a chaomhnaíonn ceannach isteach áitiúil agus úinéireacht an tionscadail ina réimse tionscadail, chun caomhnú le haghaidh téarma níos faide tar éis tionscadail Mhachaire a chinntiú. Beidh an iarrthóir a cheapfar freagrach don Bhainisteoir an Tionscadail agus oibreoidh siad go dlúth lena chéile chun seoladh teachtaireachtaí seasmhach a chinntiú, agus beidh an bheirt acu freagrach as scaipeadh eolais i gceantar an tionscadail ar na meáin shóisialta, feachtais bhileoige, raidió áitiúil agus cruinnithe pháirtithe leasmhara. Beidh an t-iarrthóir a cheapfar freagrach as forbairt grúpaí fócais agus ceardlann pobail, ionchur a fháil agus déileáil le haon imní atá ag úinéirí talún agus feirmeoirí áitiúla, agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhartha a bhaineann le turasóireacht inbhuanaithe.

Suíomh

Ní mór don duine a cheapfar a bheith ag obair i suíomh ainmnithe ag RTRÁO, atá bunaithe in aice leis na suíomhanna tionscadail i nGaoth Dobhair agus i gCorrán Binne.

Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi oibriú in oifig bhunaithe (seachas nuair atá obair eile a bhaineann leis an tionscadal á déanamh as an láithreán, de réir mar is gá) ó dháta an cheapacháin go dtí an 31 Eanáir 2028.

Príomhdhualgais agus Freagrachtaí

- Grúpaí páirtithe leasmhara a leagadh amach agus, ag tógaint air sin, caidrimh éifeachtúla mar pháirtí leasmhar a fhorbairt agus a chothabháil le pobail, úinéirí talún agus feirmeoirí áitiúla an tionscadail.
- Straitéis cumarsáide le haghaidh fheasacht an phobail áitiúil agus náisiúnta a fhorbairt agus a chomhordú, fad is atá siad ag oibriú in éineacht leis an Oifigeach Rannpháirtíochta sa Phobal eile agus i gcomhar leis an mBainisteoir Tionscadail agus baill foirne níos leithne an tionscadail.
- Líonrú, rannpháirteachas le páirtithe leasmhara, cumarsáid agus imeachtaí ar na meáin a eagrú.
- Fócasghrúpaí a bhunú, rud a ligfidh don phobal a dtuairimí a chur in iúl, agus timpeallacht dhearfach maidir le cuspóirí an tionscadail á cothabháil.
- Ábhar do shuíomh gréasáin an tionscadail, bileoga, foilseacháin, srl., a chruthú.
- Freastal a dhéanamh ar agus cur i láthair a dhéanamh ag comhdhálacha agus imeachtaí ábhartha.
- Clár Scoile a chruthú agus a sheachadadh i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha eile, chun cuir i láthair, comórtais agus lá spóirt bliantúil chuig láithreán tionscadail áitiúil a chur san áireamh.
- Ceardlanna pobail a dhearadh agus a eagrú chun cumas an dúlra i dturasóireacht inbhuanaithe áitiúil a uasmhéadú.
- Páirt a ghlacadh i seachadadh an tuairiscithe agus scaipeadh na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an tionscadal, lena n-áirítear ionchur i dtuarascálacha eatramhacha agus críochnaithe an tionscadail a chur ar fáil.

<u>Ceanglais Cháilitheachta</u>

Cáilíochtaí agus Taithí

Riachtanach:
Ar an nó roimh dháta deiridh an chomórtais, ní mór don iarrthóir:

- **taithí 3 bliana ar a laghad a bheith aige/aici i ról rannpháirtíochta sa phobal** agus cáilíocht a bheith acu (mar shampla san oideachas, i rannpháirtíocht sa phobal agus/nó staidéar timpeallachta agus/nó cultúrtha) atá bainteach leis an bpost seo

Agus

- Ceadúnas glan tiomána iomlán agus rochtain ar a n-iompar féin a bheith aige/aici

Agus

- **<u>A bheith in ann cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge labhartha agus scríofa</u>**

Inmhianaithe:

- Taithí nó eolas ar fhaireachán agus bainistíocht caomhantais do ghnáthóga ar an gcósta agus/nó pailneoirí (tabhair faoi deara gur féidir oiliúint bhreise a chur ar fáil nuair is gá)
- Taithí ar thaighde iarchéime i réimse gaolmhar/ábhartha.
- Tuiscint ar bheartas na hÉireann agus an AE maidir le scéimeanna agra-chomhshaoil agus caomhantas agus bainistíocht chaomhantais
- Taithí ar oibriú go dearfach ar iliomad tionscadal de chuid páirtithe leasmhara.

Anuas air sin, **ní mór d'iarrthóirí leibhéal cuí cumais a léiriú sna hinniúlachtaí a liostaítear le'Príomhinniúlachtaí an Phoist seo'**.

Critéir Shainiúla don Iarrthóir
Ní mór d'iarrthóirí:

- Eolas a bheith acu agus bheith ar a c(h)umas dualgais an phoist lena mbaineann a chomhlíonadh.
- Bheith oiriúnach ó thaobh carachtair de.
- Bheith oiriúnach ar gach slí eile don cheapachán chuig an bpost lena mbaineann; agus má éiríonn leo, ní cheapfar iad chuig an bpost ach sa chás go n-aontaíonn siad tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost agus go nglacann siad leis na coinníollacha faoina ndéanfar na dualgais a chomhlíonadh, nó faoinar gá na dualgais a chomhlíonadh.
- Bheith inniúil go hiomlán agus ar fáil leis na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh, agus ábalta go hiomlán na dualgais sin a chomhlíonadh.

Príomhinniúlachtaí le haghaidh feidhmiú éifeachtach ag Leibhéal an Oifigigh Rannpháirtíochta sa Phobal

Ní mór d'iarrthóirí a léiriú, le samplaí ábhartha san Fhoirm Iarratais, conas a shásaíonn siad na scileanna a liostaítear thíos.

Teideal na hInniúlachta	Cur Síos ar an Inniúlacht
Breithiúnas, Anailís agus Cinnteoireacht	• Bailíonn sé/sí eolas ó fhoinsí ábhartha agus déanann sé/sí anailís air, agus raon cúinsí tábhachtacha á meá aige/aici • Cuireann sé/sí saincheisteanna, aidhmeanna, íogaireachtaí agus impleachtaí gaolmhara níos leithne san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige/aici • Úsáideann sé/sí réamheolas agus taithí chun cinntí a threorú • Úsáideann sé/sí a b(h)reithiúnas chun cinntí maithe a dhéanamh ag baint úsáid as réasúnaíocht ar bhunús maith agus seasann sé/sí leis na cinntí sin • Cuireann sé/sí réitigh chun cinn chun dul i ngleic le fadhbanna
Bainistíocht agus Seachadadh Torthaí	• Glacann sé/sí freagracht as agus tá sé/sí cuntasach faoi chuspóirí comhaontaithe a sheachadadh • Bainistíonn sé/sí raon tionscadal éagsúla agus gníomhaíochtaí oibre ag an am céanna go rathúil • Cuireann sé/sí struchtúr ar agus eagraíonn sé/sí a (h)obair féin agus obair daoine eile ar bhealach éifeachtach • Tá sé/sí loighciúil agus pragmatach ina c(h)ur chuige, rud a sheachadann na torthaí is fearr is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil • Sainaithníonn sé/sí, go réamhghníomhach, réimsí ar féidir iad a fheabhsú agus forbraíonn sé/sí moltaí praiticiúla dá gcur i bhfeidhm • Léiríonn sé/sí díograis d'fhorbairtí nua/cleachtais oibre atá ag athrú agus déanann sé/sí a d(h)ícheall na hathruithe sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach • Cuireann sé/sí córais/próisis iomchuí i bhfeidhm chun seiceáil cáilíochta na ngníomhaíochtaí agus na n-aschur a chumasú • Cleachtann sé/sí agus cuireann sé/sí béim láidir ar sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sheachadadh, do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha
Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide	• Cruthaíonn sé/sí agus coinníonn sé/sí caidrimh le comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara eile chun cabhair a thabhairt agus iad ag feidhmiú sa phost • Scileanna idirbheartaíochta láidre agus é ar a c(h)umas plé oscailte agus cuiditheach maidir le saincheisteanna an tionscadail a spreagadh • Cuireann sé/sí diongbháilteacht in iúl, rud a ghnóthaíonn ceannach isteach trí eolas ábhartha a leagan amach agus na tairbhí a dhíol • Caitheann sé/sí le daoine eile le taidhleoireacht, stuaim, cúirtéis agus meas, fiú i gcúinsí dúshlánacha • Cuireann sé/sí eolas i láthair go soiléir, go hachomair agus go muiníneach agus é/í ag labhairt agus ag scríobh • Comhoibríonn agus tacaíonn sé/sí le comhghleacaithe chun cuspóirí an tionscadail a bhaint amach • Déanann sé/sí cumarsáid go héifeachtach agus gan dua le raon grúpaí de pháirtithe leasmhara, ó phobail tuaithe/cósta áitiúla ó fheirmeoirí go rENRanna.

Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt	• Tá cur amach aige/aici ar Threoracha Dúlra an AE, caomhnú an dúlra, agus scéimeanna agus saincheisteanna a bhaineann leis an agra-chomhshaol in Éirinn • Tá tuiscint shoiléir aige/aici ar na róil, cuspóirí agus spriocanna aige/aici féin agus ag an bhfoireann agus conas mar a thagann siad le hobair thionscadail LIFE ar Mhachaire de chuid an AE, agus le tionscadail ailínithe eile de chuid an AE sa réigiún, agus cuireann sé/sí é sin in iúl do dhaoine eile. • Tá tuiscint shoiléir aige/aici ar an mbrú atá ar phobail chósta ó dhearcadh na haeráide, na turasóireachta agus an chonláiste. • Díríonn sé/sí ar fhéinfhorbairt, agus é/í ag iarraidh a f(h)eidhmiú a fheabhsú • Cuireann sé/sí acmhainneacht in iúl agus iad ag tabhairt aghaidh ar chúinsí dúshlánacha agus ardéilimh

Incháilitheacht maidir le dul in iomaíocht agus roinnt srianta maidir le hincháilitheacht

Ceanglais Saoránachta

Ní mór d'Iarrthóirí incháilithe:

Bheith ina s(h)aoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Is iad Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua atá san LEE; **nó**
Bheith ina s(h)aoránach den Ríocht Aontaithe (RA**); nó**
Bheith ina s(h)aoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; **nó**
Bheith ina s(h)aoránach de thír nach tír LEE í ach atá pósta le nó ina leanbh de shaoránach LEE nó na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; **nó**
Bheith ina d(h)uine ar deonaíodh cosaint idirnáisiúnta orthu faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 acu **nó**
Bheith ina s(h)aoránach de thír nach tír LEE í ach ar tuismitheoir iad de leanbh cleithiúnach ar saoránach iad, agus a bhfuil ina c(h)ónaí i mballstát LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 acu

Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí ceann de na critéir shaoránachta thuas a shásamh faoi dháta aon tairiscint poist.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí

Thug litir de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe arna dátú an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Pearsanra Comhaontú Comhchoiteann isteach, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Coiste Seirbhísí Poiblí de chuid Chomhdháil na gCeardchumann maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí. Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine atá ag baint leas as an gcomhaontú incháilithe le haghaidh athfhostaíochta sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011) ar feadh thréimhse 2 bhliana ó fhoirceannadh na fostaíochta. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a d'fhéadfadh go n-éireoidh leo san iomaíocht seo a n-incháilitheacht a chruthú (dul in éag na tréimhse neamhincháilitheachta)

An Scéim Dreasachtaí Luathscoir (SDLS):

Is coinníoll de chuid na Scéime Dreasachtaí Luathscoir (SDLS), mar a leagtar amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais, é nach mbeidh daoine atá ar scor faoin Scéim sin incháilithe chun cur isteach ar aon phost san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bharr sin, ní fhéadfaidh na daoine sin atá ar scor cur isteach ar an bpost seo.

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010):

Thug Ciorclán 7/2010 de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí arna dhátú an 1 Samhain 2010 isteach Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (SLSD) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí (SID). Is coinníoll de chuid na scéime SLSD é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe le haghaidh athfhostaíochta san earnáil sláinte phoiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí níos leithne nó i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go príomha as cistí poiblí. Baineann an cosc céanna ar athfhostaíocht faoin SID, ach ní mhaireann an cosc ach ar feadh thréimhse 7 mbliana. Níl daoine a bhain leas as an scéim SLSD incháilithe chun páirt a ghlacadh san iomaíocht seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim SID agus a d'fhéadfadh go n-éireodh leo san iomaíocht seo a n-incháilitheacht a chruthú (dul in éag na tréimhse neamhincháilitheachta).

An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Litir Chiorcláin LG(P) 06/2013)

Thug Litir Chiorcláin LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil isteach Scéim Iomarcaíochta Deonaí d'Údaráis Áitiúla. I gcomhréir le téarmaí *Chomhaontú Comhchoiteann: Íocaíocht Iomarcaíochta d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí* arna dhátú an 28 Meitheamh 2012 mar a shonraítear thuas, is coinníoll ar leith den Scéim SLSD é nach mbeidh daoine incháilithe le haghaidh athfhostaíochta in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 - 2011, agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012] ar feadh thréimhse 2 bhliana ó dháta a n-imeachta faoin Scéim sin. Tá feidhm ag na coinníollacha sin freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conradh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

Dearbhú:

Beidh ar iarrthóirí a dhearbhú cibé ar bhain siad leas roimhe seo as scéim luathscoir dhreasaithe Seirbhíse Poiblí. Beidh ar iarrthóirí a dhearbhú freisin an bhfuil aon teidlíocht acu ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá forchoimeádta) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile agus/nó an bhfuair siad íocaíocht in áit seirbhíse in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Ginearálta

Is ceapachán é seo chuig post sealadach neamhbhunaithe sa Státseirbhís agus tá sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, agus aon Acht eile atá i bhfeidhm de thuras na huaire a bhaineann leis an Státseirbhís.

Tuarastal

Is é an tuarastal RPP (Ranníocaíocht Pinsean Pearsanta) don phost seo le héifeacht ón **1ú Márta 2023** mar seo a leanas:

Scála Caighdeánach d'Oifig Ardfheidhmeannaigh

Is mar seo a leanas a bheidh an pá-scála lánaimseartha bliantúlaithe:

€53,955, - €55,532, - €57,106 - €58,680 - €60,259 - €61,831, 63,407 (NMAX)

€65,682 (LSI1) - €67,951 (LSI2)

Don ról seo, athrófar an scála pá ar bhonn leath-ama (50%)

Bíonn feidhm ag an ráta pá Rannaíocht Pinsean Pearsanta a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht phríomhscéime freisin) de réir rialacha a bpríomhscéim/scéim aoisliúntais phearsanta. Tá sé sin difriúil ó ranníocaíocht i leith ballraíocht i scéim do Chéilí agus Leanaí, nó i leith na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (RAB).

Beidh ráta difriúil i bhfeidhm sa chás nach gceanglaítear ar an té a cheapfar Ranníocaíocht Pinsean Pearsanta a dhéanamh.

Féadfaidh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3 (LSI1) agus 6 (LSI2) bliana de sheirbhís shásúil ag uasmhéid an scála.

Nóta Tábhachtach

Rachfar isteach ag íosmhéid an scála agus ní bheidh ráta na híocaíochta faoi réir idirbheartaíochta agus féadfar coigeartú a dhéanamh ar an ráta sin ó am go ham i gcomhréir le beartas tuarastail an Rialtais.

Féadfar go mbeidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha éagsúla más státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí tú faoi láthair.

Faoi réir feidhmiú sásúil, féadfaidh incrimintí a bheith iníoctha i gcomhréir le Beartas Rialtais reatha.

Aontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon bhreisíocaíocht tuarastail, liúntas, nó costas i gcomhréir le Ciorclán 07/2018: Breisíocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Costas chuig Baill Foirne/Iarbhaill Foirne/Pinsinéirí a Aisghabháil.

Tionacht agus Promhadh

Tá an ceapachán, a mhaoinítear faoi chlár LIFE+ an Aontais Eorpaigh, chuig post sealadach sa Státseirbhís **ar chonradh ar théarma seasta ó dháta an cheapacháin go dtí an 31 Eanáir 2028**. Níl aon teidlíocht ag an gceapachán do stádas buan, trí chomórtas teoranta nó eile.

Beidh ar an iarrthóir rathúil dul faoi thréimhse phromhaidh 12 mhí.

Tá an ceapachán faoi réir fhoirceannadh tráth ar bith ag ceachtar taobh de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Théarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005. I gcás mí-iompar tromchúiseach, féadfar an fhostaíocht a fhoirceannadh tráth ar bith gan fógra agus gan phionós. De réir an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair ar Théarma Seasta) 2003, tá an conradh páirtaimseartha ar bhonn 50% **Tá an ceapachán seo sealadach agus do théarma theoranta sheasta aonair dhocht, nach rachadh níos faide ná sé bliana ó dháta an cheapacháin,** don phost seo a leanas, **Oifigeach Páirtaimseartha um Rannpháirtíocht sa Phobal (50% in Iarthuaisceart Dhún na nGall** do Thionscadal LIFE ar Mhachaire a bheidh ar siúl i ndá suíomh tionscadail i gceantair Ghaeltachta in Iarthuaisceart Dhún na nGall (Gaoth Dobhair agus Corrán Binne).

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2015

Ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2015, maidir le foirceannadh na fostaíochta mar gheall ar dhul in éag an chonartha ar théarma seasta amháin gan athnuachan a dhéanamh air.

Fostaíocht Sheachtrach

Beidh an post seo páirtaimseartha agus ní féidir leis an duine a cheapfar tabhairt faoi obair phríobháideach nó a bheith ceangailte le haon chomhlacht eile, a thagann salach ar a d(h)ualgais oifigiúla, a chuireann isteach ar a f(h)eidhmíocht nó a bhaineann dá c(h)aighdeán.

Suíomh

Ní mór don duine a cheapfar a bheith ag obair in oifig tionscadail, atá bunaithe in aice leis na suíomhanna tionscadail (Gaoth Dobhair agus i gCorrán Binne) le linn tréimhse an tionscadail. Ó am go ham, beidh sé riachtanach bualadh leis an bhfoireann tionscadail ó láithreacha tionscadail eile i nGaillimh agus Maigh Eo.

Féadfaidh Ceann na Roinne, ó am go ham, na ceanncheathrúna a ainmniú. Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi oibriú in oifig bhunaithe (seachas nuair atá obair eile a bhaineann leis an tionscadal á déanamh as an láithreán, de réir mar is gá) ó dháta an cheapacháin go dtí an 31 Eanáir 2028. Íocfar costais taistil agus liúntais chothabhála cuí leis an té a cheapfar nuair is gá dó/di taisteal le haghaidh dualgas oifigiúil, faoi réir gnáthrialacháin státseirbhíse.

Uaireanta Tinrimh

Beidh uaireanta tinrimh socraithe ó am go ham ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair agus 15 nóiméad comhlán gach seachtain nó 35 uair a chloig glan le sosanna lóin, athraithe ar bhonn leathama. Seans go mbeidh sé riachtanach obair a bhaineann le himeachtaí oideachais / eolais a dhéanamh sa tráthnóna / ag an deireadh seachtaine le feirmeoirí agus grúpaí pobail. Mar sin, beidh solúbthacht ann maidir le huaireanta tinrimh de réir sceidil oibre shéasúraigh agus déanfar athbhreithniú go ráithiúil orthu idir an iarrthóir a cheapfar agus an bainisteoir tionscadail. Ní mór d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara gur féidir na huaireanta tinrimh a athrú i gcomhréir le Beartas Rialtais. Beidh ar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo roinnt uaireanta breise a oibriú ó am go ham mar a bheidh réasúnta agus mar a mbeidh gá leo ar mhaithe le feidhmiú ceart a c(h)uid dualgas faoi réir teorainneacha a leagtar síos sna rialacháin maidir le ham oibre. Clúdóidh an ráta íocaíochta a bheidh iníoctha aon dliteanas tinrimh breise a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Saoire Bhliantúil

Is é an liúntas do shaoire bhliantúil an phoist seo ná 29 lá agus méadófar é sin go 30 lá tar éis 5 bliana ag obair, athraithe ar bhonn leath ama. Tá na liúntas seo faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a cheadú sa státseirbhís, atá bunaithe ar sheachtain cúig lá agus eisiach ó na gnáthsaoirí poiblí.

Saoire Bhreoiteachta

Is ar bhonn pro-rata a bheidh feidhm ag tuarastal i rith asláithreacht bhreoiteachta a dheimhnítear i gceart, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann ar mhíchumas buan chun seirbhíse, i gcomhréir le forálacha na gciorclán maidir le saoire bhreoiteachta.

Ceanglófar ar oifigigh a íocann ráta Aicme A ÁSPC sainordú a shíniú lena n-údarófar don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc díreach chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Beidh íocaíocht i rith breoiteachta faoi réir oifigigh a dhéanfaidh éilimh ar shochar leasa shóisialaigh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh den teorainn ama is gá.

Aoisliúntas agus Scor

Tairgfear na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi faoi mar atá sa Státseirbhís ag an am a thairgtear an ceapachán dó/di. Go ginearálta, tairgfear ceapachán do dhuine ceaptha nár oibrigh sa tSeirbhís Phoiblí riamh bunaithe ar a b(h)allraíocht den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("An Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána na Scéime ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie

Féadfaidh téarmaí difriúla a bheith infheidhme sa chás gur oibrigh an duine ceaptha i bpost seirbhíse poiblí inphinsin (nach faoi théarmaí na Scéime Aonair é) sa 26 seachtaine sular ceapadh é/í nó sa chás go bhfuil siad ar shos gairme nó saoire speisialta faoi láthair le pá/gan phá. Bunófar teidlíocht phinsin daoine ceaptha den sórt sin i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad seo a leanas príomhfhorálacha bhallraíochta na Scéime Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha agus an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, 66 bliana d'aois faoi láthair.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na Scéime dul ar scor ag aois 70.
- Úsáidtear meántuillimh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn méid pinsin agus cnapshuime gach bliain agus méadaítear gach bliain iad faoi threoir praghasinnéacs tomhaltóirí).
- Tá ceangal idir méaduithe go hiarphinsean scor agus praghasinnéacs tomhaltóirí.

Maolú Pinsin

- Sa chás go raibh an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo agus go bhfaigheann siad pinsean ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go dtosaíonn íocaíocht an phinsin Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí i rith a (h)athfhostaíochta, **beidh an pinsean sin faoi réir maolaithe** i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara, le do thoil: Le linn duit iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, tá admháil á dhéanamh agat go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha maolaithe, i gcás inarb iomchuí. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig atá ag fostú le hiarratas ar tharscaoileadh maolaithe i ndáil le ceapacháin don phost seo.**

- Sa chás go raibh an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo agus deonaíodh pinsean dóibh faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas an Scéim Luathscoir Dhreasaithe (SDLS), Ciorclán 7/2010 SLSD/SID de chuid na Roinne Sláinte, nó Ciorclán LG(P) 06/2013 de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, a dhéanann duine neamh-incháilithe le aghaidh na hiomaíochta), beidh deireadh le teidlíocht ar an bpinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Féadfar socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, chun seirbhís an duine ceaptha roimhe seo a dhéanamh amach chun críocha aon dámhachtain pinsin a bhféadfadh an duine ceaptha cáiliú dó.

- **Ciorclán 102/2007 maidir le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí ón Roinn Oideachais agus Scileanna**

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí isteach. Is coinníoll é den Scéim Luathscoir, seachas sna cásanna a leagtar amach in ailt 10.2 agus 10.3 de dhoiciméid an chiorcláin ábhartha, agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus go bhfostaítear é/í in aon cháil in aon réimse den tseirbhís phoiblí, cuirfear deireadh láithreach bonn le híocaíocht an phinsin chuig an duine sin. Atosófar íocaíochtaí pinsin, áfach, ar chríoch na fostaíochta sin nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe sin san áireamh agus íocaíocht an phinsin á ríomh).

- **Scor de dheasca Drochshláinte**
  Tabhair faoi deara le do thoil go gceanglaítear ar aon duine a chuaigh ar scor de dheasca drochshláinte faoi théarmaí scéim aoisliúntais a dhearbhú, ag céim tosaigh an iarratais, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil acu chuig an eagraíocht a riarann an comórtas earcaíochta.

  Beidh ar na hiarrthóirí bheith i láthair ag oifig an Phríomhoifigigh Leighis chun a c(h)umas seirbhís rialta agus éifeachtach a chur ar fáil a mheas, agus an fhadhb shláinte a cháiligh iad le haghaidh Scor de dheasca Drochshláinte (SDS) á cur san áireamh.

Ceapachán tar éis Scor de dheasca Drochshláinte ón Státseirbhís

Má éiríonn lena (h)iarratas tríd an iomaíocht, ní mór don iarrthóir an méid seo a leanas a bheith ar eolas acu:

1. Má mheastar go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus má shanntar don phost seo iad, cuirfear stop lena p(h)insean drochshláinte.
2. Má theipeann ar an iarrthóir an promhadh a chríochnú nó má chinneann siad a p(h)ost sannta a fhágáil, <u>ní féidir le haon fhrithdhílse chuig stádas SDS na státseirbhíse tarlú, ná ní féidir an pinsean státseirbhíse SDS a aischur,</u> a bhí ann roimh an iarratas ná níl aon teidlíocht é sin a dhéanamh.
3. Beidh an t-iarrthóir ina b(h)all den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPA) ón uair a cheapfar é/í má bhí briseadh i seirbhís inphinsin státseirbhíse/seirbhíse poiblí aige/aici ar feadh níos mó ná 26 seachtaine.

Ceapachán tar éis Scor de dheasca Drochshláinte ón tSeirbhís Phoiblí:

1. I gcás go ndeachaigh duine ar scor ó chomhlacht sa tseirbhís phoiblí, féadfaidh a p(h)insean drochshláinte ón bhfostaíocht sin bheith faoi réir athbhreithnithe i gcomhréir le rialacha an scoir de dheasca drochshláinte faoin scéim sin.
2. I gcás go n-éiríonn le hiarrthóir, beidh ar an iarrthóir a dhearbhú agus iad á c(h)eapadh cibé an bhfaigheann sé/sí pinsean seirbhíse poiblí (drochshláinte nó eile) agus féadfaidh a p(h)insean seirbhíse poiblí bheith faoi réir maolaithe.
3. Beidh an t-iarrthóir ina b(h)all den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPA) ón uair a cheapfar é/í má bhí briseadh i seirbhís inphinsin státseirbhíse/seirbhíse poiblí aige/aici ar feadh níos mó ná 26 seachtaine.

Tabhair faoi deara go bhfuil eolas níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd a fhaigheann pinsean drochshláinte státseirbhíse nó seirbhíse poiblí ar fáil tríd an nasc seo nó tríd é a iarraidh ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Fabhrú Pinsin

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain ar sheirbhís iomlán ar féidir a chomhaireamh i dtreo pinsin i gcás go raibh duine ina b(h)all ar níos mó ná scéim pinsean seirbhíse poiblí reatha amháin (i.e. scéim nach Scéim Aonair é) de réir Acht 2012. Foráiltear don teorainn 40 bliain sin in Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith i gceist leis sin don duine ceaptha a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

Ranníocaíocht Aoisliúntais Breise
Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (RAB) i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. **Tabhair faoi deara:** Tá asbhaintí RAB sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céile agus leanaí) a cheanglaítear faoi rialacha do scéime pinsin.

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair féach ar an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

Sicréideacht, Rúndacht agus Caighdeáin Iompraíochta: Rúndacht agus Ionracas Oifigiúil:
I rith théarma an chonartha promhaidh, beidh an t-oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 2014. Aontóidh an t-oifigeach nach nochtfaidh sé/sí aon eolas faoi rún chuig tríú páirtithe i rith nó tar éis thréimhse na fostaíochta.

Cód Caighdeáin agus Iompair na Státseirbhíse:
Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód Caighdeáin agus Iompair na Státseirbhíse.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí:
Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí maidir leis an gceapachán seo, i gcás inarb iomchuí.

Réamhcheadú Foilseachán:
Aontóidh oifigeach nach bhfoilseofar ábhar a bhaineann lena d(h)ualgais oifigiúla gan réamhcheadú a fháil ó Chathaoirleach an Údaráis nó ó aon oifigeach údaraithe iomchuí eile.

Gníomhaíocht Pholaitiúil:
Le linn an téarma fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha a rialaíonn fostaí sa tseirbhís phoiblí agus polaitíocht.

Tabhair faoi deara, le do thoil:

Mar Fhostóir Roghnach tá go leor beartas oibre solúbtha agus oiriúnach do theaghlaigh ag an Státseirbhís, lena n-áirítear roinnt deiseanna cianoibre a fheidhmítear, sa Státseirbhís, ar bhonn 'cumaiscthe'. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfaidh iarrthóirí rathúla deiseanna oibre solúbtha a iarraidh, ach is faoi rogha an fhostóra é agus cinnfear é de réir riachtanais ghnó na heagraíochta, agus ar bhonn cás ar chás.

Fógra Tábhachtach

Léiríonn an méid atá roimhe seo na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé i gceist gur liosta cuimsitheach a bheadh ann de gach téarma agus coinníoll fostaíochta, a leagfar amach sa chonradh fostaíochta lena n-aontú leis an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi.

PRÓISEAS NA hIOMAÍOCHTA

Conas Iarratas a Dhéanamh

Caithfear iarratas a dhéanamh ar an bhFoirm Iarratais atá ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

https://www.gov.ie/en/organisation-information/453df-recruitment-in-the-department-of-housing-local-government-and-heritage/
Tá doiciméad ina bhfuil treoracha mionsonraithe maidir le conas foirm iarratais a chomhlíonadh ar fáil le híoslódáil ón suíomh gréasáin sin freisin.

Ní gá d'iarrthóirí Curriculum Vitae a chur isteach.

Ní mór d'iarratas críochnaithe a chur chuig:

heritagerecruitment@housing.gov.ie

faoin dáta deiridh agus faoin am deiridh atá ar an bhFoirm Iarratais.

Ní hionann glacadh duine don iomaíocht seo, nó cuireadh freastal ar agallamh, agus admháil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go bhfuil sí sásta go gcomhlíonann an duine na ceanglais.

Seolfar ríomhphost chugat nuair a fhaightear iarratas. Tabhair faoi deara le do thoil go ndéanfar gach comhfhreagras **trí ríomhphost.**

Táthar ag súil leis na hagallaimh a bheith againn ag tús mí Iúil 2023. Gan dochar do thoradh an phróisis roghnúcháin, moltar duit aon socrú gairmiúil a bhfuil gá leo a dhéanamh má thugtar cuireadh duit freastal ar agallamh. Eiseofar treoracha níos cruinne maidir leis sin níos cóngaraí do dháta beartaithe na n-agallamh.

Ní mór d'iarrthóirí a chinntiú iad féin go bhfuil siad ar fáil, má thugtar cuireadh chun agallaimh dóibh, ar an dáta/na dátaí a shonróidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála ar fad a chuirtear ar a F(h)oirm Iarratais i gceart.

Modhanna Roghnúcháin

Féadfaidh roinnt, nó gach ceann de, na nithe seo a leanas bheith san áireamh sa phróiseas roghnúcháin:

- gearrliostú na n-iarrthóirí bunaithe ar an eolas atá ina gcuid iarratas
- agallamh tosaigh / réamhagallamh
- cur i láthair nó cleachtaí eile
- agallamh iomaíoch deiridh
- aon tástáil nó ceacht eile a mheastar a bheith iomchuí

Gearrliostú

Más rud é, bunaithe ar an méid daoine a chuireann isteach ar an bpost, nach mbeadh sé praiticiúil gach duine acu a chur faoi agallamh, féadfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a chinneadh nach dtabharfar cuireadh ach do mhéid áirithe dul faoi agallamh. I ndáil leis sin, forálann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le haghaidh próiseas gearrliostaithe don fhostaíocht chun grúpa a roghnú d'agallamh arb iad, bunaithe ar iniúchadh a n-iarratas, an grúpa is oiriúnaí don phost iad. Scrúdóidh painéal gearrliostaithe na hiarratais in aghaidh critéir réamhshocraithe bunaithe ar cheanglais an phoist agus Príomhinniúlachtaí an róil. Ní hé sin le rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó

neamhinniúil don phost, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí atá, bunaithe ar a n-iarratais, cáilithe níos fearr agus/nó a bhfuil taithí níos ábhartha acu. **Ní mór duit mar sin, chun do leasa féin, cuntas mionsonraithe, cruinn maidir le do cháilíochtaí, do thaithí agus do phríomhscileanna a sholáthar i d'iarratas.**

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, caithfear le hiarratais faoi rún iomlán.

Imréiteach Slándála

Féadfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a lorg i leith daoine atá á mbreithniú le haghaidh ceapacháin. Ceanglófar ar an iarrthóir foirm ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlíonadh agus a thabhairt ar ais sa chás go bhfuil siad á mbreithniú le haghaidh ceapacháin. Cuirfear an fhoirm sin ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ag ar chónaigh an t-iarrthóir. Muna n-éiríonn leis scriosfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an t-eolas sin. Má bhreithnítear an t-iarrthóir ina dhiaidh sin le haghaidh post eile, beidh orthu an t-eolas sin a thabhairt arís.

Eolas Tábhachtach Eile

Ní bheidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta freagracht as aon chostas a thabhaíonn na hiarrthóirí a aisíoc.

Ní hionann glacadh duine chun iomaíochta, nó cuireadh freastal ar agallamh, agus admháil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go bhfuil sí sásta go gcomhlíonann an duine ceanglais na hiomaíochta nó nach bhfuil siad dícháilithe faoin dlí an post a ghlacadh agus ní dearbhú é go ndéanfar tuilleadh breithiúnais ar d'iarratas. Tá sé tábhachtach, mar sin, go dtugann tú faoi deara go bhfuil an dualgas ortsa a dheimhniú go gcomhlíonann tú na riachtanais cháilitheachta don iomaíocht sula bhfreastalaíonn tú ar an agallamh. Muna gcomhlíonann tú na riachtanais iontrála sin ach má fhreastalaíonn tú ar an agallamh pé scéal é, beidh costas neamhriachtanach á chur agat ort féin.

Déanfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta gach fiosrúchán a mheasann sí a bhfuil gá leo chun oiriúnacht an iarrthóra a chinneadh sula moltar aon iarrthóir le haghaidh ceapacháin chuig an bpost. Ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh ná ní féidir a mheas ná a infeiriú gur rinneadh cinneadh den sórt sin go dtí go gcríochnaítear gach céim den phróiseas earcaíochta.

Sa chás go ndiúltaíonn duine a mholtar don cheapachán don phost, nó go scarann siad leis tar éis dóibh glacadh leis ar dtús, nó sa chás go dtagann folúntas breise aníos, féadfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, dá rogha féin, duine eile a roghnú nó a mholadh don cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin sin.

Cearta na n-Iarrthóirí - Nósanna Imeachta Athbhreithnithe i ndáil leis an bPróiseas Roghnúcháin

Déileáiltear le hiarratais ar athbhreithniú i gcomhréir leis an *gCód Cleachtais: Ceapacháin chun Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí* arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí - is féidir an Cód a fháil anseo. (www.cpsa.ie)

Is mar seo a leanas a dhéanfaidh an Roinn iarratas (a sheoltar chuig an mBainisteoir Acmhainní Daonna) ar athbhreithniú a mheas

- Próiseas neamhfhoirmeálta a mbainfear leas as laistigh de 5 lá oibre ó fhógra an chinnidh tosaigh a fháil (Alt 7.8 den Chód) nó laistigh de 2 lá oibre ó chinneadh a fháil maidir leis an gcéim eatramhach (Alt 7.9 den Chód)
- Próiseas foirmeálta: ní mór iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre ó fhógra an chinnidh tosaigh nó, más sa chéim eatramhach atá, ní mór go bhfaighimis iarratas ar athbhreithniú a fháil laistigh de 4 lá oibre (Alt 7.13 den Chód)
- Féadfaidh an t-Iarrthóir a iarraidh go ndéanfadh eadránaí athbhreithniú ar thoradh an athbhreithnithe tosaigh agus ní mór iarratas ina leith sin a dhéanamh laistigh de 7 lá oibre ó thoradh an chinnidh tosaigh a fháil (Alt 7.15 den Chód).

Déileálann Alt 8 den Chód leis an Nós Imeachta Athbhreithnithe/Achomhairc i ndáil le líomhaintí gur sáraíodh an Cód Cleachtais.

Aiseolas Iarrthóra

I gcomhréir le prionsabail an Chóid Chleachtais thuas, tá an Roinn tiomanta d'aiseolas soiléir, sonrach agus fiúntach a sholáthar d'iarrthóirí. I ndáil leis sin, is é beartas na Roinne aiseolas i scríbhinn a sholáthar d'iarrthóirí. Is éard a bheidh ansin ná marcanna an iarrthóra ón iomaíocht, agus tagarmharcáil á déanamh ar an marc i gcomparáid le feidhmiú na n-iarrthóirí eile nuair is féidir agus trácht ón mbord measúnaithe maidir le feidhmiú iomlán an iarrthóra faoi gach ceann de na ceannteidil chumais.

Rochtain ar Fhaisnéis

Scriosfaidh Acmhainní Daonna cóipeanna den fhoirm iarratais ar chríochnú na hiomaíochta. Coimeádfaidh an t-iarrthóir na gnáthchearta rochtana ar fhaisnéis ar chríochnú na hiomaíochta.

Dualgais na n-Iarrthóirí

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndéanfaidh stocaireacht iad a dhícháiliú agus go ndéanfar iad a eisiamh ón bpróiseas dá bharr.

Níor cheart d'iarrthóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
- stocaireacht a dhéanamh ar aon duine le nó gan aslaigh
- cur isteach ar nó baint den phróiseas in aon slí.

Níor cheart do thríú páirtí an t-iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas.

Beidh aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcion. Dlífear fíneáil ar dhuine a chúisítear i gcion nó cuirfear i bpríosún iad.

Ina theannta sin, i gcás gurbh iarrthóir nó gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta iad an duine a cúisíodh i gcion, déanfar na nithe seo a leanas:

- i gcás nach ceapadh é/í chuig post, beidh sé/sí dícháilithe mar iarrthóir; agus
- i gcás gur ceapadh é/í chuig post i ndiaidh an phróisis earcaíochta atá i gceist, caillfidh sé/sí an ceapachán sin.

Iarrthóireacht atá le Tarraingt Amach a Mheas

I gcás iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar thástáil eile an tráth agus an áit a iarrann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta nó nach soláthraíonn fianaise a iarrann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i dtaca le haon ní is iomchuí maidir lena (h)iarrthóireacht, ní bheidh aon éileamh sa bhreis acu maidir lena (h)iarratas a mheas.

Dearbhú um Shaoráil Faisnéise

Ní mór d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfar roinnt nó gach faisnéis san iarratas seo a scaoileadh faoi réir théarmaí an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997.

Má tá aon fhaisnéis san iarratas seo íogair, sainaithin í le do thoil agus sonraigh i scríbhinn na cúiseanna atá lena híogaireachta.

Rachaidh an Roinn i gcomhairle leat maidir le faisnéis íogair sula ndéantar cinneadh maidir le haon iarratas ar Shaoráil Faisnéise arna fháil.

Socruithe Speisialta

Má tá aon socrú speisialta de dhíth ort i dtaca le haon ghné den iomaíocht seo, cuir Aonad Acmhainní Daonna na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar an eolas le do thoil ag heritagerecruitment@housing.gov.ie.